



PREASRÁITEAS Uimh. 153/22

Lucsamburg, an 16 Meán Fómhair 2022

Atoghadh Marc Van der Woude ina Uachtarán ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

Tar éis athnuachan pháirteach ar chomhaltaí Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh¹, atoghadh Marc Van der Woude an lá céanna, ag a chomhghleacaithe, mar Uachtarán ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 16 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa, 2025.

Curriculum vitae de Marc Van der Woude

Rugadh Marc van der Woude in Gorredijk (an Ísiltír). Chríochnaigh sé a chéad bhlianta staidéir ag Rijksuniversiteit Groningen (Ollscoil Groningen, an Ísiltír), áit ar bhain sé céim amach sa dlí in 1983. Lean sé leis an staidéar i gColáiste na hEorpa (an Bheilg) go dtí 1984.

Ó dheireadh a chuid staidéir, bhí baint mhór aige le teagasc agus taighde i gColáiste na hEorpa, áit a raibh sé ina chúntóir go dtí 1986. Bhí sé ina léachtóir ansin ag an Universiteit Leiden (Ollscoil Leiden, an Ísiltír) ó 1986 go 1987. Le linn a ghairmréime, bhí sé de shíor bainteach leis an teagasc agus cuireadh de chúram air, ó 2000, ollúnacht an dlí in Erasmus Universiteit Rotterdam (Ollscoil Erasmus in Rotterdam, an Ísiltír). Údar ar iliomad foilseachán, cuireann sé le forbairt na hoibre i ndlí na hiomaíochta, a bhfuil roinnt tagairtí dó sa tuarascáil ar an ábhar.

I dteannta a thiomantais acadúla, tá Marc van der Woude ag cleachtadh an dlí. Ó 1987 go 1989, d'oibrigh sé do Choimisiún na gComhphobal Eorpach, áit ar ghníomhaigh sé mar rapóirtéir don Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta. Ansin chuaigh sé isteach i gCúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus d'oibrigh sé mar Rúnaí Dlí leis na breithiúna Thymen Koopmans agus Paul Joan George Kapteyn ó 1989 go 1992. Cheap an Coimisiún Eorpach é mar riarthóir laistigh den aonad comhordaithe Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, post a bhí aige ó 1992 go 1993 sular ceapadh é ina chomhalta dá Sheirbhís Dlí ó 1993 go 1995. Ón dáta sin amach, bhí sé mar dhlíodóir ag Barra na Bruiséile (an Bheilg), áit ar dhírigh a chleachtas dlíthíochta ar dhlí na hiomaíochta.

Ceapadh an Marc van der Woude mar bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta an 13 Meán Fómhair 2010. Thogh a chomhghleacaithe é ina Uachtarán ar dhlísheomra ón 18 Meán Fómhair 2013 agus ina Leas-Uachtarán ón 20 Meán Fómhair 2016. Ar an 27 Meán Fómhair 2019, toghadh é mar Uachtarán na Cúirte Ghinearálta agus tá sé sa phost sin ó shin.

¹ Féach preasráiteas Uimh.152/22 an 15 Meán Fómhair 2022.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355

Fan i dteagmháil linn!

